# Díolaíocht Ticéad

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Uimhreas - oibríochtaí, ionadluach, deachúlacha, céatadáin<br>Tomhais - airgead<br>*Comhtháthú - Teanga, OSIE* |
| **Scileanna Forbartha** | • Cumarsáid agus cur in iúl - próisis agus torthaí oibre a phlé agus a chlárú agus modhanna éagsúla a úsáid chuige sin<br>• Réasúnaíocht - boinn le próisis agus le torthaí gníomhaíochta, fadhbanna agus tionscadal matamaiticiúil a thabhairt<br>• Cur i bhfeidhm - straitéisí meabhracha agus bealaí oibre a chumadh agus a úsáid chun tascanna matamaiticiúla a chomhall |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | suimigh, dealaigh, iolraigh, roinn, ríomh, brabús, meas, is airde, is ísle, airgead, toilleadh, airgeadra, athraigh |
| **Áiseanna** | rochtain idirlín, peann agus páipéar, áireamhán |

## Cur Síos ar an nGníomhaíocht

1 **Gníomhaíocht 1**

Iarr ar na daltaí ionaid spóirt cosúil le páirc pheile, rugbaí nó CLG a roghnú. D'fhéadfaí ionaid áitiúla, ionaid chontae nó ionaid i dtír eile a roghnú. Spreag iad chun taighde a dhéanamh ar an gcostas atá ar shuíocháin dhifriúla le haghaidh cluiche beo. Is féidir leo an t-eolas seo a aimsiú ar shuíomhanna gréasáin a bhaineann le himeachtaí spóirt ar leith. Ansin, iarr orthu an t-eolas seo a úsáid chun an méid airgid a dhéanfadh an t-ionad ar chluiche amháin, bunaithe ar a acmhainn a ríomh.

2 **Gníomhaíocht 2**

Spreag iad chun an méid airgid atá déanta ag ionaid dhifriúla spóirt a chur i comparáid. Iarr orthu an t-ionad a ghearrann an táille iontrála is costasaí agus líon na gcluichí a óstálann sé a fháil amach. Má chuireann siad costais ó thíortha éagsúla i gcomparáid, déan cinnte go bhfuil an t-airgeadra ceart in úsáid acu.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Dúnta | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cad é acmhainn an ionaid x?<br>• Cén costas atá ar an ticéad is daoire/is saoire?<br>• Cad iad na cineálacha ticéad atá ar fáil? Cén costas atá orthu? An bhfuil margadh ann do bhaill/scéimeanna dílseachta? | • Cad iad na cúinsí a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar phraghas an ticéid? Cén fáth?<br>• Cad a thug tú faoi deara maidir leis na praghsanna difriúla thar spóirt dhifriúla? Cad is cúis leis na difríochtaí seo, do bharúil?<br>• Conas is féidir leat do thorthaí maidir le praghsáil na dticéad a thaifeadadh? |

## Difreáil

Roghnaigh méid/suíomh na n-ionad de réir thuiscint na ndaltaí. D'fhéadfaí comhthéacs na gníomhaíochta a athrú chun freastal ar shuimeanna difriúla na ndaltaí, mar shampla ceolchoirmeacha, pictiúrlann. Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.